



Brústocaireacht a Rialáil 2016

Buaicphointí



Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission



Clárúithe agus Tuairisceáin:


Chláraigh níos mó ná **1,100** eagraíocht agus duine aonair faoin gcéad spriocdháta le haghaidh tuairisceán an **21 Eanáir 2016** agus cuireadh níos mó ná **2,500** tuairisceán isteach chuig an gClár.

Amhail mí an **Mheithimh 2017**, tá níos mó ná **1,600** duine aonair agus eagraíocht clárúithe agus tá níos mó ná **14,000** tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta curtha isteach.

Miondealú ar na clárúithe agus ar na tuairisceáin don chéad 4 thréimhse iomchuí

Tréimhse Iomchuí (Dáta iomchuí)	An líon clárúchán (líon carnach)	An líon tuairisceán a fuarthas (don thréimhse)
1 Meán Fómhair – 31 Nollaig 2015 (21 Eanáir 2016)	1045	2740
1 Eanáir – 30 Aibreán 2016 (21 Bealtaine 2016)	1245	1990
1 Bealtaine – 31 Lúnasa 2016 (21 Meán Fómhair 2016)	1427	2887
1 Meán Fómhair – 31 Nollaig 2016 (21 Eanáir 2017)	1521	3437

Miondealú de réir réimse beartais phoiblí i 2016



Ba é **sláinte** an réimse beartais ba choitianta sna tuairisceáin maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta sa bhliain 2016


Na cúig phríomhréimse beartais phoiblí a ndearnadh brústocaireacht ina leith sa bhliain 2016

- Sláinte 1075
- Forbairt Gheilleagrach agus Tionsclaíocht 435
- Talmhaíocht 412
- Dlí agus Ceart agus Comhionannas 394
- Tithíocht 351

Miondealú ar chláraithe de réir contae ar 22 Eanáir 2017

An Bhreatain Mhór: 29
An chuid eile den Eoraip: 14
An chuid eile den Domhan: 5

Iomlán: 1521



* Cúis inní don Choimisiún is ea an líon íseal cláraithe atá ann lasmuigh de Bhaile Átha Cliath



Forálacha Forfheidhmithe

- Tháinig Cuid 4 den Acht i bhfeidhm an 1 Eanáir 2017 agus foráiltear léi do smachtbhannaí agus d'fhorfheidhmiú.
- Faoi alt 20 den Acht, féadfaidh an Choimisiún ionchúiseamh a dhéanamh maidir le:
brústocaireacht a dhéanamh gan a bheith cláraithe;
mura gcomhlánófar tuairisceán roimh an sproic;
Eolas míchruinn nó míthreorach a thabhairt don Choimisiún;
mainneachtain comhoibriú le hoifigeach imscrúduithe a bhfuil ag tabhairt faoi imscrúdú faoin Acht, agus cosc a chur ar imscrúdú.
- Faoi alt 21 den Acht, féadfaidh an Coimisiún Fógra Íocaíochta Seasta a sheirbheáil ar dhuine a chuir tuairisceán isteach go déanach.
- Ní thionscnófar aon ionchúiseamh má íocann an duine an Fógra Íocaíochta Seasta.

Breitheanna a thug an Coimisiún faoin Acht

- Tá sé d'údarás ag an gCoimisiún breitheanna a thabhairt faoi ailt 10, 14 agus 22 den Acht. Féadfar

achomharc a dhéanamh in aghaidh na mbreitheanna sin.

- Fuarthas 18 n-iarratas ar mhoill a chur ar fhoilsiú sonraí clárúcháin nó ar fhoilsiú tuairisceán faoi alt 14 den Acht. Ba de bhotún a cuireadh 15 cinn díobh sin isteach.
- Fuarthas trí iarraidh bhailí. Ceadaíodh dhá cheann díobh agus díúltaíodh don cheann eile.
- Rinne beirt iaroifigeach poiblí ainmnithe iarratas go ndéanfaí an tréimhse “mharana” aon bhliana dá bhforáiltear faoi alt 22 den Acht a laghdú nó a tharscaoileadh. Deonaíodh tarscaoileadh páirteach a raibh coinníollacha ag gabháil leis sa dá chás.

An Chéad Athbhreithniú Reachtach ar an Acht

- Sheol an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an chéad athbhreithniú ar an Acht an 31 Lúnasa 2016.
- Rinne an Coimisiún aighneacht fhairsing ina leith, rud inar mhol sé roinnt athruithe ar an Acht. Tá an aighneacht sin ar fáil ar lobbying.ie.
- Foilsíodh an t-athbhreithniú ón Aire an 2 Bealtaine 2017. Níor moladh aon leasuithe ar an Acht ann.

